EUROPEAN UNION AGENCY FOR RAILWAYS

An Eoraip a bhogadh i dtreo córas iarnróid inbhuanaithe sábháilte gan teorainneacha.

# Glao ar Iarratais ar phoist mar Riarthóirí (Oifigigh Thionscadail) in Aonaid ERTMS

## *Gníomhaire Sealadach 2(f) (AD6) – d'fhonn dhá liosta ionadaithe a bhunú – ERA/AD/2024/002-OPE*

*I - SAINCHUNTAS POIST*

Tá an Ghníomhaireacht ag lorg Riarthóirí (Oifigigh Thionscadail) don Aonad ERTMS. Mar sin, clúdaíonn an Glao seo dhá réimse do phost amháin mar Oifigeach Tionscadail ETCS agus post amháin d'Oifigeach Cibearshlándála Raidió:

- Réimse 1: ETCS;
- Réimse 2: Raidió agus cibearshlándáil.

Féadfaidh iarrthóirí iarratas a dhéanamh ar níos mó ná réimse amháin agus **ní mór dóibh a chur in iúl go soiléir san fhoirm iarratais uathu chuig ERA cén réimse/cé na réimsí a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ina leith**. Ní bheidh iarrthóirí in ann an réimse/na réimsí atá roghnaithe acu a athrú tar éis dóibh an fhoirm iarratais a sheoladh chuig ERA.

Beidh an sealbhóir poist ag obair san Aonad ERTMS atá faoi fhreagracht Cheann an Aonaid (HoU).

**Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí le haghaidh na réimsí sonracha**:

*Réimse 1: ETCS:*

- Doiciméid theicniúla a dhréachtú ar ardleibhéal cáilíochta amhail doiciméid theicniúla ERTMS/ETCS, CCS STI, tuairimí teicniúla, treoracha iarratais, etc agus/nó rannchuidiú leis an obair sin;
- Anailís agus obair leantach a dhéanamh ar Iarrataí ar Athrú i leith ERTMS/ETCS i gcreat an phróisis um Bainistiú ar Rialú Athraithe de chuid na Gníomhaireachta;
- Rannchuidiú le grúpaí oibre a thionól, a chathaoirleacht agus a threorú le saineolaithe seachtracha ar réimsí sainiúla saineolais;
- Saineolas a sholáthar d'Aonaid na Gníomhaireachta agus d'Institiúidí/do Chomhghnóthais eile de chuid an Aontais i réimse na hinniúlachta agus go háirithe ó thaobh údarú feithicilí de.

*Réimse 2: Raidió agus cibearshlándáil:*

- Doiciméid theicniúla a dhréachtú ar ardleibhéal cáilíochta a dhéanamh agus/nó rannchuidiú leo amhail doiciméid theicniúla Raidió (GSM-R – FRMCS), STI CCS, tuairimí teicniúla, treoracha iarratais, etc;
- Rannchuidiú le grúpaí oibre a thionól, a chathaoirleacht agus a threorú le saineolaithe seachtracha ar réimsí sainiúla saineolais;
- Saineolas a sholáthar d'Aonaid na Gníomhaireachta agus d'Institiúidí/do Chomhghnóthais eile de chuid an Aontais i réimse na hinniúlachta agus go háirithe:
  - Saineolas ar an gcóras cumarsáide iarnróid agus ar an éabhlóid a thiocfaidh air, chomh maith le héabhlóid na gcóras teileachumarsáide;

- Tuiscint ar an oiriúnú is gá ar chreataí seanbhunaithe cibearshlándála (TF, OT, Tionsclaíocht) do riachtanais shonracha iarnróid;
- Infheidhmeacht an mhéid thuas ó thaobh údarú feithiclí de.

## *II - CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA*

Tá an nós imeachta roghnúcháin ar oscailt d'iarrthóirí a chomhlíonann gach ceann de na critéir incháilitheachta seo a leanas faoin dáta deiridh chun iarratais a chur isteach:

***1. Riachtanais ghinearálta:***

- A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach[1] nó a bheith ina náisiúnach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua);
- A bheith i dteideal a cheart/a ceart iomlán mar shaoránach;
- Aon oibleagáidí forchurtha eile le dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici[2];
- Na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh[3];
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh[4];
- Eolas an-mhaith a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil[5] de chuid an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil eile[6] de chuid an Aontais Eorpaigh a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;
- A bheith faoi bhun na haoise ag a gcuirtear baill foirne an Aontais Eorpaigh ar scor go huathoibríoch. Faoi láthair, is é sin an lá deiridh den mhí ina mbainfidh an ball foirne 66 bliana d'aois amach[7].

***2. Cáilíochtaí íosta:***

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-tréimhse oideachais ollscoile **4 bliana nó níos mó** agus taithí ghairmiúil **15 bliana** ar a laghad ina dhiaidh sin;
  **NÓ**
- Leibhéal oideachais a chomhfhreagraíonn do staidéar críochnaithe ollscoile atá fianaithe le dioplóma sa chás go maireann an ghnáth-tréimhse oideachais ollscoile **3 bliana** agus taithí ghairmiúil **6 bhliain** ar a laghad ina dhiaidh sin.

---

*1 Is iad seo a leanas Ballstáit an Aontais Eorpaigh: An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn.*
*2 Más infheidhme*
*3 Sula gceapfar é/í, ní mór don iarrthóir a n-éireoidh leis/léi teastas a chur ar fáil ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige/aici*
*4 Sula gceapfar é/í, cuirfear an t-iarrthóir rathúil faoi réir scrúdú dochtúra in ionad leighis a ainmneoidh an Ghníomhaireacht lena dheimhniú go gcomhlíonann sé/sí riachtanais Airteagal 13 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach.*
*5 Do mháthairtheanga nó teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais a bhfuil eolas an-mhaith agat uirthi a chomhfhreagraíonn do leibhéal C1 mar a shainítear í i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR) http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr*
*6 Eolas ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a chomhfhreagraíonn do leibhéal B2 ar a laghad mar a shainítear i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CEFR)*
*7 Féach Airteagal 52 (a) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh maidir le Gníomhairí Sealadacha de réir analaí, Airteagal 47 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile na gComhphobal Eorpach.*

**Ní ghlacfar ach le cáilíochtaí eisithe ag údaráis Bhallstáit an Aontais nó údaráis LEE (Limistéar Eacnamaíoch Eorpach) agus cáilíochtaí atá aitheanta mar choibhéisí ag údaráis ábhartha de chuid an Aontais nó de chuid Bhallstáit LEE.**

## *III - CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN*

Na hiarrthóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach thuas, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil i gcoinne **critéir roghnúcháin**. I gcás iarrthóirí nach gcomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na critéir roghnúcháin, ní dhéanfar iad a eisiamh láithreach as an roghnú.

**Na critéir roghnúcháin** a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh ar iarratais na n-iarrthóirí **sa dá réimse araon**:

- Staidéir ollscoile i réimsí na hinnealtóireachta[8] NÓ eolaíocht bheacht NÓ ríomheolaíocht;
- Eolas maith ar an mBéarla[9]; (labhartha agus scríofa mar inniúlacht úsáideora-leibhéal B2)
- Taithí chruthaithe ar bheith ag obair i dtimpeallacht idirnáisiúnta nó ilchultúrtha.

Is ag brath ar **an réimse/na réimsí** atá roghnaithe acu a bheidh na **critéir roghnúcháin** a úsáidfear chun iarratas na n-iarrthóirí a mheasúnú:

**Réimse 1: ETCS:**

- 5 bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil ábhartha a bhaineann leis na tascanna atá liostaithe sa sainchuntas poist;
- Eolas maith ar shonraíochtaí ERTMS/ETCS;
- Eolas ar an bpróiseas um údarú feithiclí a bhaineann leis an bhfochóras ETCS ar bord;
- Dea-thuiscint ar phrionsabail agus ar rialacha oibríochtúla ERTMS;
- Taithí ar dhearadh, ar innealtóireacht agus/nó ar shuiteáil ERTMS/ETCS, amhail:
  - Forbairt bogearraí do chórais ETCS;
  - Modhanna foirmiúla chun ceanglais a ghabháil;
  - Ullmhú agus cumraíocht sonraí na gcóras ETCS; etc.

**Réimse 2: Raidió agus cibearshlándáil:**

- Taithí ghairmiúil ábhartha 5 mbliana ar a laghad a bhaineann leis na cúraimí a liostaítear sa sainchuntas poist;
- Eolas maith ar shonraíochtaí GSM-R agus FRMCS
- Taithí ar chóras nó ar tháirgí GSM-R ar bord/taobh riain;
- Eolas nó taithí ar theicneolaíocht 5G;
- Taithí ar an gcibearshlándáil in TF, OT.

**Ní mór don iarrthóir an cur síos is beaichte is féidir a dhéanamh san fhoirm iarratais ERA maidir leis na cáilíochtaí oideachais nó acadúla agus an taithí ghairmiúil atá aige nó aici.**

Is iad na hiarrthóirí sin amháin a bhainfidh amach 60 % ar a laghad de na pointí iomlána a bhronntar do na critéir roghnúcháin a chuirfear san áireamh agus a dtabharfar cuireadh chun freastal ar agallamh agus ar thriail scríofa dóibh.

*8 Is iad na heolaíochtaí beachta na heolaíochtaí "ar féidir cruinneas iomlán a bhaint amach ina gcuid torthaí". Samplaí de na heolaíochtaí beachta is ea an mhatamaitic, an cheimic agus an fhisic.*
*9 Toisc gurb é Béarla teanga cumarsáide na Gníomhaireachta, tá leibhéal B2 ar a laghad (sna trí réimse: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint) i mBéarla ag teastáil*

*IV – AGALLAMH AGUS TRIAIL SCRÍOFA*

Iarrthóirí a roghnófar chun freastal ar chéim na trialach, lena n-áirítear agallamh struchtúrtha agus triail scríofa, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil in aghaidh na gcritéar a leanas:

***Le haghaidh an agallaimh: critéir atá ábhartha don dá réimse:***

**Sainscileanna gairmiúla:**
- An cumas chun cumarsáid a dhéanamh i mBéarla (mar inniúlacht úsáideora-leibhéal B2).

***Don agallamh: critéir atá ábhartha do réimse ETCS:***

- Eolas ar Chóras ERTMS agus a shonraíochtaí.

***Don agallamh: critéir atá ábhartha don réimse Raidió agus cibearshlándáil:***

- Eolas ar shonraíochtaí GSM-R agus FRMCS agus ar an gcóras cumarsáide iarnróid;
- Eolas ar chreat cibearshlándála agus ar infheidhmeacht sa timpeallacht iarnróid

**Gnáthscileanna boga (ní mheasfar iad seo ach san agallamh amháin):**
- Spreagadh;
- Scileanna cumarsáide;
- Scileanna anailíseacha agus réitigh fadhbanna;
- Meon foirne, dearcadh comhoibríoch, a bheith dírithe ar sheirbhís agus teacht aniar a bheith aige/aici;
- Cumas cruthaithe chun bheith ag obair i bhfoireann agus i dtimpeallacht idirnáisiúnta nó ilchultúrtha.

***Maidir leis na trialacha scríofa: triail scríofa amháin in aghaidh an réimse***

- Cumas anailís agus achoimre a dhéanamh ar fhaisnéis scríofa;
- Cumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i mBéarla scríofa (mar inniúlacht úsáideora-leibhéal B2);
- Cumas sa phleanáil (tréimhse ghearr/an t-eolas is tábhachtaí a asbhaint).

Seo a leanas na scóir le haghaidh na n-agallamh agus na trialach scríofa:

- An scór iomlán don agallamh: **70 pointe** — An scór íosta chun pas a ghnóthú: **42 pointe (60 %)**
- An scór iomlán don triail scríofa: **30 pointe** — An scór íosta chun pas a ghnóthú: **18 pointe (60 %)**

**Ní dhéanfar measúnú ar thriail scríofa na n-iarrthóirí i gcás nach ngnóthaítear an scór íosta chun pas a ghnóthú san agallamh.**

I gcás cainteoirí dúchais Béarla, déanfar tástáil le linn an agallaimh ar do chumas cumarsáid a dhéanamh sa dara teanga de chuid an Aontais atá acu. De thairbhe gur cuid é sin de na ceanglais ghinearálta a luaitear thuas, eiseofar aon duine ón roghnúchán mar gheall ar mhainneachtain leibhéal sásúil sa dara de chuid an Aontais a chruthú.

| *IV – ACHOIMRE* | |
|---|---|
| *An Ghníomhaireacht:*<br>Cliceáil anseo chun cur síos a fháil ar an nGníomhaireacht agus ar a heintitis sna teangacha éagsúla de chuid an Aontais | |
| *Dáta foilsithe:* 11/04/2024 | *Spriocdháta le haghaidh iarratas:* 10/05/2024 (23.59 Am Lár na hEorpa, am áitiúil Valenciennes) |
| *Cineál conartha:* Gníomhaire Sealadach 2(f)<br>*Feidhmghrúpa agus grád:* AD6 | *Áit fostaíochta:* Valenciennes, An Fhrainc |
| *Fad an chonartha:* 4 bliana agus féadfar é a athnuachan go ceann tréimhse chinnte nach faide ná 2 bhliain. Má dhéantar é a athnuachan don dara huair, is conradh éiginnte a bheidh i gceist | *Buntuarastal míosúil:* EUR 6.231,42 ag céim 1 le fachtóir ualaithe de 19,5 % (ón 1 Iúil 2023 ar aghaidh) mar aon le liúntais shonracha nuair is infheidhme |
| *Ní mór iarratais a sheoladh le ríomhphost amháin chuig an mbosca ríomhphoist a leanas:* jobs@era.europa.eu go dtí an 10/05/2024 (23.59 Am Lár na hEorpa, am áitiúil Valenciennes) ar a dhéanaí | *Liosta ionadaithe:* Cuirfear na chéad chúigear (líon táscach) iarrthóirí ar an liosta ionadaithe, rud a bheidh bailí go dtí: 10/05/2026 ach d'fhéadfaí síneadh ama a chur leis |
| *An nós imeachta iarratais:* cliceáil anseo | *An nós imeachta roghnúcháin:* cliceáil anseo |
| *Nósanna imeachta achomhairc agus gearáin:* cliceáil anseo | *Cosaint sonraí:* cliceáil ar Chosaint Sonraí \| Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (europa.eu)<br>agus scrolláil síos chuig an gcuid "Foireann na Gníomhaireachta (TA, CA, SNE agus oiliúnaithe) a roghnú agus a fhostú" |